Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8311/26**

**CULT 47**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Plean Oibre an Aontais don Chultúr, 2027-2030<br>– *Seisiún tuairimíochta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht faoin ábhar thuasluaite, d'fhonn ullmhú don seisiún tuairimíochta a thionólfar sa Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) an 12 Bealtaine 2026.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Nóta stiúrtha**

**Plean Oibre an Aontais don Chultúr, 2027-2030: Seisiún tuairimíochta**

**Cúlra agus comhthéacs**

Ó 2011 i leith, mhúnlaigh Pleananna Oibre an Aontais don Chultúr ('an Plean Oibre/ na Pleananna Oibre') tosaíochtaí ilbhliantúla i réimse an chultúir, rud a threoraigh comhar idir na Ballstáit, an Chomhairle agus an Coimisiún. Cé go bhfuil freagracht fós ar na Ballstáit as a mbeartais chultúrtha féin, bhí ról suntasach ag na Pleananna Oibre sin ó thaobh bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí lena dtacaítear le beartais chultúrtha náisiúnta, lena gcomhordaítear nó lena bhforlíontar iad agus maidir le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá ábhartha d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta ar fud an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le ról na Comhairle faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Is féidir bunús na bPleananna Oibre a rianú siar go dtí an chéad Chlár Oibre Eorpach le haghaidh an Chultúir a glacadh in 2007. Cloch mhíle shuntasach a bhí sa Chlár Oibre sin trí fhís chomhroinnte a bhunú le haghaidh comhar cultúrtha idir na Ballstáit, ina leagtar amach cuspóirí coiteanna agus ina n-aithnítear an cultúr mar phríomhspreagadh don chomhtháthú sóisialta, don fhás eacnamaíoch agus don lánpháirtiú Eorpach. Tá na Pleananna Oibre ina dhiaidh sin bunaithe ar an mbonn sin, rud a d'aistrigh tosaíochtaí an Chláir Oibre ina ngníomhaíochtaí praiticiúla agus ina straitéisí atá ag forbairt mar fhreagairt ar imthosca agus ar riachtanais atá ag athrú.

**Pleananna Oibre roimhe seo agus príomhréimsí tosaíochta**

Go dtí seo, tá ceithre Phlean Oibre de chuid an Aontais don Chultúr curtha chun feidhme: 2011-2014, 2015–2018, 2019–2022, agus 2023–2026. Chuir gach plean leis an bplean a bhí ann roimhe, rud a threisigh prionsabal na coimhdeachta agus a thug aghaidh ag an am céanna ar dhúshláin gheopholaitiúla, eacnamaíocha agus shóisialta atá ag teacht chun cinn agus atá ar siúl faoi láthair. Tá forbairt tagtha ar ghníomhaíochtaí agus ar mhodhanna oibre i roinnt príomhréimsí tosaíochta, lena n-áirítear:

- éagsúlacht chultúrtha agus idirphlé idirchultúrtha
- tacaíocht d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta chun fás eacnamaíoch, nuálaíocht agus iomaíochas a chothú laistigh de na hearnálacha
- scileanna agus soghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe
- oidhreacht chultúrtha agus inbhuanaitheacht
- cultúr sa chaidreamh seachtrach/idirnáisiúnta
- staitisticí cultúir
- cultúr cuimsitheach agus inrochtana
- comhtháthú sóisialta agus folláine
- an comhionannas inscne

**Plean Oibre reatha an Aontais don Chultúr (2023-2026)**

Tá an Plean Oibre reatha (2023-2026)[1] bunaithe ar cheithre phríomhthosaíocht: (i) ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha, (ii) cultúr do na daoine, (iii) cultúr don phláinéad, agus (iv) comhpháirtíochtaí comhchruthaitheacha. Bhunaigh sé 21 ghníomhaíocht agus d'eascair tuarascálacha comhordaithe ó ghrúpaí saineolaithe as maidir le hábhair amhail cultúr agus sláinte, aistriú glas earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta agus róil na leabharlann poiblí.

---

[1] IO C 466, 7.12.2022, lgh. 1-18

Ina theannta sin, chuidigh an Plean Oibre le téamaí tosaíochta a shainiú d'uachtaránachtaí inteachta ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Bhí na téamaí sin ina dtreoir chun Conclúidí ón gComhairle, comhdhálacha na huachtaránachta agus plé neamhfhoirmiúil aireachta a chur i gcrích. Agus é á aithint go bhféadfadh solúbthacht agus inoiriúnaitheacht i gcláir oibre na huachtaránachta a bheith ag teastáil ó chomhthéacsanna seachtracha polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta – ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon – tá clár oibre beartais réamhbhreathnaitheach leagtha síos sa Phlean Oibre atá ann faoi láthair.

**Réamh-mheastóireacht agus dúshláin**

Cé go bhfuil coinne leis an tuarascáil chríochnaitheach maidir le cur chun feidhme Phlean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026 i mí an Mheithimh 2026, tugtar le fios i réamhthorthaí meastóireachta[2] go leanann an Plean Oibre dá phríomhchuspóir a chomhlíonadh maidir le treoir straitéiseach a chur ar fáil don chomhar cultúrtha idir na Ballstáit ar leibhéal an Aontais. I measc na bpríomhláidreachtaí a sainaithníodh tá tacaíocht do na Ballstáit tríd an bpiarfhoghlaim agus tríd an gcomhar, ailíniú láidir le tosaíochtaí náisiúnta, agus tionchar trasearnála a chur chun cinn, go háirithe i réimsí na sláinte, an oideachais agus na hinbhuanaitheachta. Mar sin féin, tá roinnt dúshlán fós ann, amhail an tionchar míchothrom ar fud na mBallstát, agus soiléireacht theoranta, infheictheacht theoranta, agus obair leantach theoranta, chomh maith le bearnaí sa mhaoiniú agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn, amhail an intleacht shaorga.

**Breithnithe maidir le Plean Oibre 2027–2030**

Le gach athnuachan a dhéantar ar an bPlean Oibre, tugtar deis machnamh a dhéanamh ar an tírdhreach agus ar na réaltachtaí atá ann faoi láthair, ní hamháin laistigh d'earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta, ach taobh amuigh díobh, i bhfianaise nádúr trasearnálach an chultúir agus a thábhachtaí atá sé mar cholún den lánpháirtiú Eorpach, den chomhtháthú sóisialta, den fhás eacnamaíoch agus den athléimneacht dhaonlathach freisin. Ba cheart aird a thabhairt freisin ar an gcomhthéacs beartais ina ndréachtófar an chéad Phlean Oibre eile. Tá ullmhúcháin don timthriall atá ar na bacáin ag teacht tráth a bhfuil an tírdhreach cultúrtha ag athrú mar gheall ar roinnt tosca claochlaitheacha: athruithe geopholaitiúla agus tábhacht mhéadaitheach an chultúir sa chaidreamh seachtrach agus san athléimneacht dhaonlathach; an claochlú digiteach, lena n-áirítear éabhlóid na hintleachta saorga (IS); riachtanais aeráide agus inbhuanaitheachta; rannpháirtíocht chultúrtha agus comhtháthú sóisialta; agus saincheisteanna níos leithne maidir le creataí eacnamaíocha agus dálaí oibre.

Rud atá tábhachtach, forbrófar an chéad Phlean Oibre eile in éineacht leis an gCompás Cultúir nua don Eoraip, a thiocfaidh in ionad an Chláir Oibre Eorpaigh Nua le haghaidh an Chultúir (an creat do

**2** Cur i láthair ón gCoimisiún do CAC, mí an Mhárta 2026.

bheartas cultúrtha an Aontais ó 2018 i leith). Leis an gCompás Cultúir, cuirtear creat straitéiseach ar fáil agus leagtar amach ann an uaillmhian pholaitiúil agus an fhís pholaitiúil maidir le treo an bheartais cultúir amach anseo. Ceann de na príomhdhúshláin don chéad Phlean Oibre eile is ea an uaillmhian sin a aistriú ina tosaíochtaí nithiúla, ina modhanna oibre éifeachtacha, agus ina gcomhar intomhaiste idir na Ballstáit. Tá sé ríthábhachtach machnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun Plean Oibre láidir, a sheasfaidh an aimsir agus atá oiriúnach don fheidhm a chur ar fáil lena gcoinnítear tosaíochtaí seanbhunaithe na Comhairle agus lena gcuirtear sásraí ar fáil ag an am céanna chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn.

**Na príomhcheisteanna ar gá machnamh a dhéanamh orthu**

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrann an Uachtaránacht ar na hAirí na ceisteanna seo a leanas a mheas lena bplé:

1. Cad iad na hábhair beartais chultúrtha ar cheart don Chomhairle tosaíocht a thabhairt dóibh le linn thréimhse an Phlean Oibre 2027–2030, agus cad iad na gníomhaíochtaí sonracha ón gComhairle is fearr a thabharfadh aghaidh orthu sin?

2. Cad iad na bealaí inar féidir leis na tosaíochtaí sin aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus ailíniú leis an gCompás Cultúir agus le creataí beartais ábhartha eile, agus solúbthacht leordhóthanach á háirithiú ag an am céanna chun oiriúnú do chúinsí atá ag athrú?

---